

Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Polasaí Iontrála 2019-

Sa chás nach bhfuil an leagan Gaeilge agus an leagan Béarla ag teacht le chéile, is ag an leagan Gaeilge a bheidh forlámhas

Réamhráiteas: Leag Bord Bainistíochta, foireann teagaisc agus tuismitheoirí Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh an polasaí seo amach i mí Deireadh Fómhair 2016. Tá sé faofa ag an bPátrún.

Rationale: Is riachtanas reachtúil é do gach scoil polasaí cláraithe a leagan amach de réir cumhachta an Acht Oideachais 1998.

Aidhm: Is é aidhm an pholasaí seo ná cur chuige cláraithe daltaí a leagan amach go soiléar do chách.

Ráiteas Misean: Scoil Chaitliceach í Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh ina chuirtear fáilte roimh leanaí de gach reiligiún nó gan reiligiún ar bith. Cuirtear fáilte roimh gach dalta, cuma cén chúlra teanga, sóisialta agus reiligiúin atá acu, cuma cén náisiúnacht iad nó cén míchumas foghlama nó fisiciúil atá orthu.

Ar ghlacadh áite dá bpáiste sa scoil, iarrtar ar thuismitheoirí geallúint a shíniú go dtacóidh siad leis an scoil Rial na Gaeilge agus an Cód Iompair a chur i bhfeidhm.

Eolas Ginearálta

Ainm na Scoile: Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh

Seoladh: Br. Chill Droichid, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara

Seoladh Rpost: oifigsud@gmail.com

Guthán: 01 6242061

Suíomh Idirlíon: www.scoiluidhalaigh.ie

Uimhir Rolla: 196806

Pátrún: Ardeaspag Diarmuid Ó Máirtín

Gaelscoil ingearach, chomhoideachasúil Chaitliceach.

Tá dhá rang cumais mheasctha ag gach rangleibhéal. D'fhéadfadh go ndéanfar athdháileadh ar ranganna sa scoil le linn an tréimhse ocht mbliana. Bíonn buntáistí sóisialta agus acadúla ag baint leis an gcleachtas seo do pháistí na scoile

Foireann

Sa scoilbhliain 2018/19, 21. oide atá ann ar fad, 16 oide ranga, 4.3 oide um oideachais speisialta, agus Príomhoide Riaracháin. Maoíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna an scoil agus ní mór don pholasaí na hacmhainní agus an maoiniú atá ar fáil a

thógáil san áireamh.

Síntiúis Dheonacha

Tá scéim síntiúis dheonaigh ag an scoil. Is féidir le tuismitheoirí síntiús a íoc leis an mbille scoile a eisítear i Mí Bealtaine gach bliain. Toisc go bhfuil stádas carthanachta ag an scoil, tugtar faoiseamh cánach ioncaim ag ráta 31% ar dheontas do charthanacht.

Curaclam

Leantar na cláracha curaclam mar atá leagtha amach ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is ionann áit a ghlacadh i Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh agus glacadh le polasaithe uile na scoile agus geallúint tacú leis na polasaithe sin de réir An Acht Oideachais 2000 Roinn 23 C4.

Cleachtaítear Tumoideachais ón gcéad lá i Rang na Naíonán Shóisir. Féach Riail na Gaeilge sa Chód Iompair.

Cinnfidh an Bord Bainistíochta líon na ndaltaí a chlárófar i Rang na Naíonán Shóisir gach bliain i Mí Dheireadh Fómhair na bliana roimhe sin agus foilseofar an cinneadh sin ar shuíomh idirlíon na scoile.

Modh Iarratais

- Ní mór do pháistí a bheith ceithre bliana d'aois roimh an 1ú Aibreán den bhliain a bhfuil siad le tosú.
- Ba chóir foirm iarratais (F1), atá ar fáil le híoslódaíl ar www.scoiluidhalaigh.ie agus ó oifig na scoile, a chomhlánú agus a chur sa phost nó a thabhairt le láimh do Rúnaí na scoile idir an 12ú agus 23ú Samhain 2018 idir 08.30 agus 10.30 a chlog nó idir 14.30 agus 16.00 a chlog.

Beidh na doiciméid seo thíos ag teastáil in éineacht leis an bhfoirm iarratais:

1. Teastas Breithe
2. Litir dheimhnithe ón Naíonra ar a bhfuil an páiste ag freastal/ nó ar a freastalaíodh, más ábharach.
3. Tuairisc Sláinte/Siceolaí/Siciatraí /Teiripeoir Cainte& Teanga/Teiripeoir saothair srl ,más ábharach.

Ní ghlacfar le hiarratais neamhiomlána.

Cuirfear iarratais a sheachadfar nó a dhéanfar le láimh i ndiaidh 23 Samhain 2018 ag bun liosta feithimh, más ann dó, san ord ina shroicheann siad oifig na scoile..

Páistí le míchumas nó riachtanas speisialta oideachasúil

Cuirtear iarratas ar áit sa scoil do pháistí le míchumas nó páistí a bhfuil riachtanas speisialta oideachais acu ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach.

Caithefear miontuairisc ar mhíchumas/riachtanais speisialta an pháiste

maraon le tuairisc leighis, tuairisc measúnaithe agus/nó measúnú síceolaíoch a cheangail leis an iarratas. Sa chás nach bhfuil a leithéid de thuairisc/mheasúnú ar fáil, d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a iarraidh go ndéanfaí measúnú ar an bpáiste.

Ní hionann comhlánú agus casadh ar ais an fhoim iarratais agus dearbhú go mbeidh áit ar fáil sa scoil.

Ar glacadh leis an bhfoirm iarratais comhlánaithe agus na doiciméid ábharacha eile, tugtar admháil na foirme iarratais ag dearbhú go bhfuil an páiste ar liosta na n-iarrathóirí don bhliain chuí agus ag rá go gcuirfear cinneadh ón scoil i scríbhinn chucu maidir leis an iarratas taobh istigh de 21 lá ón dáta dúnta. Tugtar príomhchóipeanna na ndoiciméid ábharacha ar ais don tuismitheoir agus coimeádtar cóip díobh ceangailte leis an fhoirm iarratais in oifig na scoile.

Sa chás gur mó líon na n-iarratas ná líon na n-áiteanna atá ar fáil sa rangleibhéal lena mbaineann an t-iarratas, déanfar na hiarratais go léir a mheas agus a dháileadh de réir na gcritéir thíos :

- 1. Siblínní dhaltáí/iar-dhaltáí na scoile, leas-deartháireacha/deirfiúracha, agus páistí atá ar altramas ag clann a bhfuil/a raibh a gcuid páistí ag freastal ar an scoil. .*
- 2. Páistí a bhfuil Gaeilge acu ón gcliabhán. Ciallaíonn sé sin go bhfuil ar chumas an pháiste cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. D'fhéadfadh go n-iarrfadh ball foirne bualadh leis an bpáiste i bhfochair tuismitheora chun é seo a dheimhniú.*
- 3. Clann foirne teagaisc reatha agus fostaithe reatha na scoile.*
- 4. Páistí a d'fhreastail/atá ag freastal ar Naíonra atá faoi choimirce Forbairt Naíonraí Teoranta*
- 5. Páistí a bhfuil cónaí orthu i Léim an Bhradáin.*

Sa chás gur mó líon na n-iarratas in aon chatagóir ar leith ná líon na náiteanna atá ar fáil sa chatagóir sin, tabharfar túsáite do pháistí in ord aoise, ag tosú leis an bpáiste is sine.

Toisc nach mbíonn leabhar na Naíonán Shóisir ar fad ar fáil i siopaí leabhar logánta, seoltar an leabharliosta maraon le bille scoile in éineacht leis an dtairiscint áite. Sa chaoi sin, is féidir leis an scoil na leabhair a ordú le haghaidh tús na scoilbliana.

Ba chóir an fhoirm ghlactha/dhiúltaithe atá ceangailte leis an tairiscint áite a sheoladh ar ais maraon le Teastas Baiste má tá an páiste chun na sacraimintí a ghlacadh agus íocaíocht an €50 le bheith bainte ón mBille Scoile roimh an dáta dúnta atá luaite ar an litir tairiscinte áite. Glacfar leis nach bhfuiltear ag glacadh

na háite muna gcuirtear a mhalairt in iúl don scoil roimhan dáta luaite ar an litir tairiscinte áite.

NB- Sa chás go dtarraingáitear siar ar an áit roimh thús na bliana ní dhéanfar aon aisíocaíocht ar an €50 íoctha ag an iarrthóir.

Cuirtear an áit ar a bhfuil a bpáiste in iúl do thuismitheoirí nár tairgíodh áit dóibh. Cuirtear in iúl dóibh chomh maith go bhfuil cead acomharc acu faoi Roinn 29 den Acht Oideachais. agus tugtar na sonraí cuí dóibh ar conas acomharc a dhéanamh sa litir diúltaithe áite

-Tairgítear folúntais a éiríonn as diúlaithe do pháistí atá fós ar an liosta iarrthóirí de réir an oird tosaíochta thuas le dáta nua glactha/diúltaithe.
-Eagraítear Oíche Eolais do thuismitheoirí nua go bliantúil i Mí Aibreáin.

Clárú i Rang seachas Rang na Naíonán Shóisir

Clárófar páistí i ranganna seachas Naíonán Shóisir, fad is atá áit sa rang cuí agus go bhfuil Gaeilge ón mbaile ag an bpáiste nó gur ó Ghaelscoil atá sé/sí ag aistriú. Munar as Gaeilscoil atá an páiste ag aistriú, cuirfidh an príomhoide agus/nó an t-oide ranga agallamh air/uirthi le cinntiú gur chun leasa gach páirtí iontráil an pháiste. Ní mór Foirm Iarratais a sheoladh chun na scoile. Tá sé ar fáil le híoslódáil ar www.scoiluidhalaigh.ie.

Clárú a Dhiúlú ar bhonn 'Cúinsí Eisceachtúla'.

Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart clárú a dhiúlú i gcásanna eisceachtúla a mbaineann ceachtar den dá chúis seo thíos leo:

- (i) Nach mbeidh an scoil in acmhainn freastal ar riachtanais speisialta an dalta agus oideachas oiriúnach a chur ar fáil dó/di fiú amháin le hacmhainní breise ón Roinn Oideachais & Scileanna
- (ii) Gurb é tuairim an Bhoird Bainistíochta gur dainséar doghlactha an dalta do dhaltáí eile na scoile, don fhoireann agus/nó do shealús na scoile.

Athbhreithniú: Déanfaidh an Príomhoide monatóireacht ar an bpolasaí seo agus déanfaidh an bord bainistíochta é a athbhreithniú go bliantúil.. Agus faofacht an Phátrúin faighte, déanfar an polasaí a fhoilsiú ar shuíomh idirlíon na scoile. Beidh cóip crua ar fáil ón oifig.

Sínithe ar son Bhoird Bainistíochta Scoil Chearbhaill Uí Dhálaigh:

(Cathaoirleach)

Dáta: 18/09/2018 _____